Polasaí Fóin Póca

Réamhrá

Cuireadh an polasaí seo le chéile trí chomhairliúcháin le Foireann na Scoile, Bord Bainistíochta agus Coiste na dTuismitheoirí. Cuireadh le chéile é chun eolas agus treoirlínte a thabhairt maidir le sealbhú agus le húsáid fóin phóca na bpáistí i gcomhthéacs Gaelscoil Bhun Cranncha.

Sainmheon na Scoile

Tá an teaghlach agus an baile lárnach i bhforbairt shóisialta agus intleachtach an pháiste agus I gcothú luachanna maithe morálta. Tuigimid go bhfuil gá le fóin phóca ag páistí áirithe ionas gur féidir leo cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí ar an bhealach ar nó ón scoil. Tá sé mar aidhm againn go bhfoghlaimeoidh páistí chun iad a úsáid ar bhealadh a léiríonn meas ar dhaoine eile agus go gcloíonn siad leis na rialacha atá leagtha síos sa pholasaí seo.

Aidhmeanna

- ✓ Rialacha a leagan síos maidir le fóin phóca a thugtar ar scoil
- ✓ Smachtbhannaí a bhaineann le briseadh na rialacha a leagan síos

Nósanna Imeachta

Más gá do thuismitheoirí/caomhnóirí teagmháil práinneach a dhéanamh leis na páistí i rith an lae, ba chóir é seo a dhéanamh trí oifig na scoile. Tá an áis chéanna ar fáil do na páistí nuair a bhíonn teagmháil práinneach le tuismitheoirí/caomhnóirí i gceist. Má mhothaíonn tuismitheoir/caomhnóir go bhfuil sé riachtanach go mbeadh fón póca ag an pháiste, glacfar leis faoi na coinníollacha seo a leanas:

- Is gá an fhoirm cheada in Aguisín 1 a líonadh agus a chur ar scoil sula dtógann an páiste fón póca ar scoil.
- Ba cheart é a thabhairt faoi deara gur chúis choiriúil é fón póca a úsáid chun bagairt a dhéanamh ar aon duine, chun iad a chrá nó a ghortú. Má tharlaíonn a leithéid agus muna n-éiríonn leis an scoil deileáil leis go héifeachtach, seans go dtabharfaidh an scoil na Gardaí isteach sa scéal.
- Ní bheidh an scoil freagrach as aon fhón caillte, goidte nó briste. Beidh daltaí/tuismitheoirí/caomhnóirí go hiomlán freagrach as sábháilteacht agus slándáil na bhfón póca.
- Ba cheart go mbeadh an fón múchta roimh theacht ar shuíomh na scoile ar maidin agus a bheith múchta i rith an lae scoile agus gan é a chasadh air go dtí go mbeidh

suíomh na scoile fágtha. Ní mór cinntiú go bhfuil alaraim/meabhrúcháin múchta sa chaoi nach mbeidh siad ar siúl i rith uaireanta scoile.

- Is gá an fón póca a thabhairt don Mhúinteoir Ranga, múchta agus le lipéid ainm air roimh thús na chéad ranga ar maidin.
- Ní bheidh cead an fón a úsáid riamh i bhfoirgneamh na scoile, i gclós na scoile, i rith ghníomhaíochtaí iarscoile sa scoil nó ag gníomhaíochtaí taobh amuigh, m.sh. gníomhaíochtaí spóirt, turais scoile agus ar uile.
- Má bhíonn fón ar siúl, in úsaid i bhfoirgneamh na scoile, ar shuíomh na scoile nó ag aon ghníomhaíocht scoile, tabharfar an fón don Phríomhoide do 3 lá scoile.
- Moltar go mbeadh an fón múchta ar an bhus scoile. Tá tuismitheoir/caomhnóir freagrach as seo a chinntiú.
- Ba chóir ainm an pháiste a bheith ar an fhón.
- Moltar go láidir go mbeadh focail faire/uimhir pearsanta in úsáid sa chaoi nach féidir le daltaí eile é a úsáid nó sa chás go goidtear é. Ba chóir na focail/uimhreacha seo a choinneáil faoi rún.
- Má úsáidtear fóin phóca chun tromaíocht nó teachtaireachtaí maslaithe a chur le linn am scoile, ag gníomhaíochtaí iar-scoile nó ag gníomhaíocht scoile lasmuigh de huaireanta scoile, tabharfar na daltaí seo faoin phróiséas leagtha amach i bPolasaí Frith-Thromaíochta na scoile.
- Má tá cúis amhrais ag múinteoir go bhfuil ábhair mhí-fhóirsteanach nó maslach ar fhón, beidh ar an dalta an fón a thabhairt suas, cuirfear fios ar na tuismitheoirí/caomhnóirí agus caithfidh an páiste a bhfuil ar an fhón a thaispeáint d'údaráis na scoile os comhair na dtuismitheoirí/caomhnóirí.
- Má tá cúis mhaith ann le tuiscint go bhfuil fianaise ann a bhaineann le cúis choiriúil cuirfear fios ar na Gardaí. Baineann sé seo le Treoirlínte ar Chosaint Páistí agus le Ráiteas um Chumhdaigh Ghaelscoil Bhun Cranncha.
- Ba cheart aon fhón póca aimsithe ar scoil a thabhairt do bhall foirne scoile.
- Níl cead aon ghléas leictreonach eile bheith sa scoil – m.sh. iPod, iPad, Táibléad &rl., ach i gcásanna eisceachtúla do pháiste le riachtanais speisialta agus a mbeadh na gléasanna seo mar bhuntáiste aici/aige faoi stiúir dhuine fásta ag am sosa agus am lóin. Ba cheart iarratais faoi na heisceachtaí sin a chur i scríbhinn chuig an Bhord Bainistíochta.
- Cúrsa Gaeltachta: Tá fáilte roimh daltaí Rang 6 atá ag dul ar chúrsa cónaithe sa Ghaeltacht a bhfóin póca a thabhairt leo, faoi na coinníollacha a leanas ;

- ✓ Go bhfuil céad tuismitheora tugtha i scríbhinn
- ✓ Go bhfuil lipéid ainm soiléir ar an fhón
- ✓ Go bhfuil tuismitheoirí agus páistí freagrach as na fóin a bheith luchtaithe agus creidmheas orthu.
- ✓ Go dtugann tuismitheoirí uimhir an fhóin don mhúinteoir i gceannas
- ✓ Coinníonn an múinteoir i gceannas na fóin agus dáileann siad ar na páistí iad ar maidin, um thrathnóna agus /nó ar uair na práinne iad.

Rólanna agus Freagrachtaí

A. Páistí

- An conradh a léamh is a shíniú leis na tuismitheoirí/caomhnóirí,
- Cloí leis na rialacha atá leagtha amach.

B. Tuismitheoirí/Caomhnóirí

- An conradh a léamh is a shíniú leis an pháiste,
- Míniú don pháiste cad a tharlaíonn muna gcloíonn sé/sí leis na rialacha atá leagtha amach,
- Tacú leis an scoil i gcásanna nach gcloítear leis na rialacha.

C. Múinteoirí

- An polasaí seo a chur i bhfeidhm,
- Cuir i gcuimhne do pháistí ag tús na bliana gur gá conradh sínithe a bheith ag éinne a bhfuil fón póca acu ar scoil.

D. Príomhoide

- An polasaí seo a chur i bhfeidhm,
- Cinntiú go bhfuil conradh sínithe ag éinne a bhfuil fón póca acu ar scoil,

- Teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí más rud é nach gcloítear leis an pholasaí seo.

Critéir Ráthúlachta

- Go bhfuil conradh sínithe acu siúd a bhfuil fón póca acu,
- Nach gá don mhúinteoir/príomhoide fón a bhaint ó pháiste.

Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú ar an pholasaí i 2022 nó níos luaithe más gá.

Daingniú; Rinneadh an polasaí seo a dhaingniú ag Chrúinniu an Bhoird 26/09/2029

Sínithe: *Colm Ó Tuathaláin* Dáta 26/09/2019

Cathaoirleach

Aguisín 1 - Foirm Cheada Fóin Phóca

Tá an Polasaí Fóin Phóca ar www.gaelscoilbhuncranncha.ie léite agam agus pléite agam le mo pháiste. Tugaim cead dó/di fón póca a bheith aige/aici ar scoil agus aontaím leis na coinníollacha thíos:

• Ní bheidh an scoil freagrach as aon fhón caillte, goidte nó briste,

• Ní cheadaítear fón póca a úsáid chun bagairt a dhéanamh ar aon duine, chun iad a chrá nó a ghortú,

• Beidh an fón múchta i rith an lae scoile agus na páistí ar láthair na scoile,

• Beidh an fón póca curtha i dtaisce in Oifig an Phríomhoide mo pháiste i rith an lae scoile,

• Níl cead an fón a úsáid riamh i bhfoirgneamh na scoile, ar shuíomh na scoile, i rith ghníomhaíochtaí iarscoile sa scoil nó ag gníomhaíochtaí scoile taobh amuigh,

• Má úsáidtear fóin phóca chun tromaíocht nó teachtaireachtaí maslaithe a chur tabharfar na daltaí seo faoin bphróiséas leagtha amach i bPolasaí Frith-Thromaíochta na scoile,

• Má tá cúis amhrais ag múinteoir go bhfuil ábhair mhí-fhóirsteanach nó maslach ar fhón, beidh ar an dalta an fón a thabhairt suas, cuirfear fios ar na tuismitheoirí/caomhnóirí agus caithfidh an páiste a bhfuil ar an fhón a thaispeáint d'údaráis na scoile os comhair na dtuismitheoirí/caomhnóirí,

• Má bhíonn an fón ar siúl, in úsaid i bhfoirgneamh na scoile, ar shuíomh na scoile nó ag aon ghníomhaíocht scoile, tabharfar an fón don Phríomhoide do 3 lá scoile.

Síniú an Pháiste: _____

Síniú Tuismitheora/Caomhnóra: _____

Dáta: _____